AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2012
COM(2012) 552 final

2011/0280 (COD)

**Leasú ar thogra COM(2011) 625 final/3 ón gCoimisiún le haghaidh**
**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear rialacha do scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá aontachas na Cróite leis an AE beartaithe an 1 Iúil 2013. Cé nach ndearna gach Ballstát an Ionstraim Aontachais[1] a dhaingniú fós, thug an Coimisiún a chuid tograí maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil[2] cothrom le dáta le déanaí i bhfianaise aontachas na Cróite. Ba cheart oiriúnú den sórt céanna a ullmhú do na tograí le haghaidh athchóiriú an CBT lena n-áirithiú go ndéanfaidh siad an Chróit a chumhdach go hiomlán mar Bhallstát nua tar éis a nglactha.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

I ndáil leis an gCróit, ní raibh aon ghá le comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ná le measúnú tionchair ó tharla go leanann na coigeartuithe seo as an Ionstraim Aontachais.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Beidh an coigeartú i bhfoirm leasaithe ar thogra COM(2011) 625 final/3 le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha do scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, chun na forálacha sin a bhaineann go sonrach leis an gCróit agus atá sa Chonradh Aontachais cheana a chur san áireamh sa togra. Baineann na príomhathruithe le forálacha a chur isteach maidir leis an méid seo a leanas:

- íocaíochtaí díreacha a thabhairt isteach de réir a chéile sa Chróit (céimniú isteach),
- an deis íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonú chun na scéimeanna tacaíochta sin a chuirfidh an Chróit chun feidhme tar éis an athchóirithe, atá sa liosta in Iarscríbhinn I, a chomhlánú,
- gnéithe airgeadais áirithe (clúdaigh náisiúnta in Iarscríbhinn II, méideanna glana tar éis uasteorannú in Iarscríbhinn III, uasmhéideanna na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha is féidir a dheonú in Iarscríbhinn V), agus
- an cúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún sa Chróit a chur chun feidhme. Baineann an cúlchiste sin le talamh ar glanadh na mianaigh talún de agus atá in úsáid arís mar limistéar talmhaíochta.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an leasú seo, ach amháin iad siúd atá leagtha amach cheana féin sa mheabhrán míniúcháin do na tograí atá cothrom le dáta don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.

[1] IO L 112 an 24 Aibreán 2012.
[2] COM(2012)388 an 6 Iúil 2012.

2011/0280 (COD)

**Leasú ar thogra COM(2011) 625 final/3 ón gCoimisiún le haghaidh RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear rialacha do scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta**

Leasaítear togra COM(2011) 625 final/3 ón gCoimisiún mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte d'aithris (5):

"Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú d'fhonn an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus chun iomaíocht mhíchothrom nó idirdhealú idir feirmeoirí a sheachaint, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na nithe seo: íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit a údarú; a mhéid atá le háireamh sa chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún a shocrú; an uasteorainn náisiúnta bhliantúil a shocrú do scéim na híocaíochta bunúsaí; rialacha a ghlacadh maidir le hiarratais ar leithdháileadh teidlíochtaí íocaíochta; bearta a ghlacadh maidir le teidlíochtaí neamhghníomhachtaithe íocaíochta a chur ar ais sa chúlchiste náisiúnta; ceanglais a ghlacadh a bhaineann le fógra a thabhairt faoi theidlíochtaí íocaíochta a aistriú chuig na húdaráis náisiúnta agus na spriocdhátaí is gá do na fógraí sin a chomhlíonadh; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht i leith cleachtas talmhaíochta atá chun leasa na haeráide agus an chomhshaoil; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht i leith limistéar a bhfuil srianta sonracha nádúrtha iontu; an uasteorainn bhliantúil a leagan síos maidir le híocaíocht d'fheirmeoirí óga; na huasteorainneacha bliantúla a leagan síos maidir le tacaíocht chúpláilte dheonach; rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um chinntí a mheasúnú agus a fhormheas faoi chuimsiú na tacaíochta cúpláilte deonaí; rialacha a ghlacadh maidir leis an nós imeachta um údarú agus um fhógra a thabhairt do na táirgeoirí a bhaineann le húdarú na talún agus cineálacha cadáis chun críocha na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis; foráil a dhéanamh i ndáil le rialacha maidir le ríomh an laghdaithe ar mhéid na híocaíochta i leith bairr shonraigh le haghaidh cadáis; rialacha a ghlacadh maidir le ceanglais ghinearálta maidir le fógra a thabhairt."

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (11):

"(11) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na méideanna atá ann chun an CBT a mhaoiniú na huasteorainneacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. [...] [HZR], ba cheart leanúint leis an gcoigeartú ar leibhéal na tacaíochta dírí do gach bliain féilire. Níor cheart coigeartú na n-íocaíochtaí díreacha a chur i bhfeidhm ach ar íocaíochtaí atá le deonú d'fheirmeoirí ar íocaíochtaí iad atá níos mó ná EUR 5 000 sa bhliain chomhfhreagrach féilire. Ag cur san áireamh leibhéil na n-íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin faoi chuimsiú chur i bhfeidhm an tsásra céimnithe-isteach maidir leis na híocaíochtaí díreacha ar fad a dheonaítear sna Ballstáit sin, níor cheart feidhm a bheith ag an ionstraim um smacht airgeadais sin sa Bhulgáir agus sa Rómáin ach ón 1 Eanáir 2016 amach agus sa Chróit ón 1 Eanáir 2022 amach."

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (12):

"(12) Chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha a d'fhéadfaí a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear na forbairtí atá mar thoradh ar na cinntí atá le glacadh ag na Ballstáit maidir le haistrithe idir an chéad cholún agus an dara colún, agus iad atá mar thoradh ar na fógraí atá le tabhairt ag an gCróit maidir leis an talamh ar glanadh na mianaigh talún di agus atá in úsáid arís anois chun críoch talmhaíochta, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh chun críche na huasteorainneacha náisiúnta agus na glan-uasteorainneacha atá leagtha amach sa Rialachán seo a athbhreithniú."

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí d'aithris (14):

"Chun cóireáil chomhionann feirmeoirí a bhfuil a n-íocaíochtaí díreacha faoi réir céimniú-isteach sa Bhulgáir, sa Chróit agus sa Rómáin a áirithiú, ba cheart an íostairseach a bheith bunaithe ar na méideanna deireanacha a bheidh le deonú ag deireadh an phróisis chéimnithe-isteach."

(5) Cuirtear an abairt seo a leanas isteach ag deireadh aithris (19):

"Ba cheart an deis chéanna a bheith ar fáil don Chróit freisin, áit a mbeidh feidhm ag sásra céimnithe-isteach go dtí 2021 de réir na hIonstraime Aontachais."

(6) Cuirtear aithris nua isteach tar éis aithris (19):

"(19a) Rinneadh foráil i Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 arna leasú le hIonstraim Aontachais 2011, maidir le cúlchiste náisiúnta speisialta don Chróit leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun go maoineofar, ar feadh tréimhse deich mbliana tar éis an Aontachais leis an Aontas, leithdháileadh na dteidlíochtaí íocaíochta don talamh a nglanfar na mianaigh di agus a úsáidfear arís chun críoch talmhaíochta gach bliain. Is iomchuí na rialacha a leagan amach maidir leis na méideanna a chinneadh a bheidh tiomnaithe do thacaíocht maoinithe don talamh sin faoi na scéimeanna tacaíochta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus do bhainistiú an chiste sin. Chun na méideanna a bheidh mar thoradh ar na fógraí atá le tabhairt ag an gCróit maidir leis an talamh ar glanadh na mianaigh talún di agus atá in úsáid arís chun críoch talmhaíochta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha airgeadais áirithe a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCróit."

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (viii) d'Airteagal 1(b):

"(viii) creat chun a chur ar chumas na Bulgáire, na Cróite agus na Rómáine íocaíochtaí díreacha a chomhlánú."

(8) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Chun na forbairtí a bhaineann le huasmhéideanna iomlána na n-íocaíochtaí díreacha is féidir a dheonú a chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a thiocfaidh as na cinntí atá le déanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 14 agus as cur i bhfeidhm an dara mír d'Airteagal 17b, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun críche na n-uasteorainneacha náisiúnta atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a athbhreithniú."

(9) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Agus íocaíochtaí díreacha á dtabhairt isteach de réir a chéile, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 16, beidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin ón 1 Eanáir 2016 amach agus maidir leis an gCróit ón 1 Eanáir 2022 amach."

(10) Cuirtear an abairt seo a leanas isteach ag deireadh mhír 4 d'Airteagal 10:

"I gcás na Cróite, sna blianta 2014-2021, déanfar an méid a éilítear nó atá le deonú dá dtagraítear i mír 1 a ríomh ar bhonn an mhéid atá leagtha amach in Iarscríbhinn V*a*.A."

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil 2 de Theideal II:

"Forálacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBulgáir, an Chróit agus an Rómáin"

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 16:

"Íocaíochtaí díreacha á dtabhairt isteach de réir a chéile sa Bhulgáir agus sa Rómáin"

(13) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

*"Airteagal 16a*

*Íocaíochtaí díreacha á dtabhairt isteach de réir a chéile sa Chróit*

Sa Chróit, tabharfar íocaíochtaí díreacha isteach de réir an sceidil seo a leanas d'incrimintí arna gcur in iúl mar chéatadán de leibhéal comhfhreagrach na n-íocaíochtaí díreacha arna gcur i bhfeidhm ó 2022 amach:

– 25 % in 2013,

– 30 % in 2014,

– 35 % in 2015,

– 40 % in 2016,

– 50 % in 2017,

– 60 % in 2018,

– 70 % in 2019,

– 80 % in 2020,

– 90 % in 2021,

– 100 % ó 2022 amach."

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 17:

"Íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha agus íocaíochtaí díreacha sa Bhulgáir agus sa Rómáin"

(15) I gCaibidil 2, cuirtear isteach na hAirteagail bhreise seo:

"

*"Airteagal 17a*

*Íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha don Chróit*

1. Féadfaidh an Chróit, faoi réir údarú ón gCoimisiún trí bhíthin gnímh chur chun feidhme agus gan chúnamh an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 56, aon cheann de na scéimeanna tacaíochta atá liostaithe in Iarscríbhinn I a chomhlánú, nuair is iomchuí.

2. Cuirfidh clúdach sonrach airgeadais teorainn leis an méid comhlántach is féidir a dheonú i mbliain ar leith do scéim tacaíochta ar leith. Is ionann an clúdach seo agus an difríocht idir:

   (a) méid na tacaíochta dírí atá ar fáil do gach scéim tacaíochta lena mbaineann tar éis tabhairt isteach iomlán íocaíochtaí díreacha de réir Airteagal 16a, don bhliain féilire 2022

   agus

   (b) méid na tacaíochta dírí atá ar fáil do gach scéim tacaíochta lena mbaineann tar éis sceideal na n-incrimintí a chur i bhfeidhm de réir Airteagal 16a sa bhliain lena mbaineann.

3. Ní bheidh méid iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a dheonófar níos mó ná an uasteorainn atá leagtha amach in Iarscríbhinn Va.B. do bhliain chomhfhreagrach féilire.

4. Féadfaidh an Chróit cinneadh a dhéanamh, bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus tar éis údarú ón gCoimisiún, maidir le méideanna na cabhrach náisiúnta comhlántaí atá le deonú.

5. Sonrófar san údarú ón gCoimisiún na scéimeanna tacaíochta ábhartha agus saineofar an t-uasleibhéal ag a bhféadfar íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a íoc.

   Maidir le híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha atá beartaithe an tacaíocht chúpláilte dheonach dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Theideal IV a chomhlánú, sonrófar san údarú freisin na cineálacha sonracha feirmeoireachta nó na hearnálacha sonracha talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 38(2) lena bhféadfaidh na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a bheith bainteach.

6. Is ionann na coinníollacha incháilitheachta le haghaidh íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha agus na coinníollacha le haghaidh tacaíochta faoi scéimeanna tacaíochta comhfhreagracha mar atá leagtha amach sa Rialachán seo.

7. Beidh na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha faoi réir aon choigeartuithe a d'fhéadfadh a bheith riachtanach de bharr forbairtí ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). Deonófar iad i gcomhréir le critéir oibiachtúla agus ar bhealach a áiritheoidh go gcaithfear go cothrom le gach feirmeoir agus go seachnófar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht.

8. Cuirfidh an Chróit tuarascáil isteach ina mbeidh faisnéis faoi na bearta maidir leis na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha a chur chun feidhme, roimh 30 Meitheamh na bliana tar éis a gcur chun feidhme. Cumhdófar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil:

   (a) aon athrú ar an staid a dhéanann difear do na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha;

   (b) i gcás gach íocaíochta dírí náisiúnta comhlántaí, líon na dtairbhithe, méid iomlán na cabhrach náisiúnta comhlántaí a deonaíodh mar aon le líon na heicteár, na n-ainmhithe nó aonad eile ar deonaíodh cabhair dóibh;

   (c) tuarascáil maidir le bearta rialaithe arna gcur i bhfeidhm i ndáil leis na híocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha arna ndeonú."

*"Airteagal 17b*

*Cúlchiste náisiúnta speisialta don Chróit leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún*

1. Ó 2014 amach, tabharfaidh an Chróit fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain maidir leis na limistéir a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 57a(10) de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 agus a bhí in úsáid arís chun críoch talmhaíochta sa bhliain féilire roimhe sin.

   Tabharfaidh an Chróit fógra freisin faoi líon na dteidlíochtaí íocaíochta a bhí ar fáil d'fheirmeoirí an 31 Nollaig den bhliain féilire roimhe sin, agus faoin méid den chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh an ghlanadh de mhianaigh talún atá fágtha gan chaitheamh ar an dáta céanna.

   Más infheidhme, déanfar na fógraí dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír de réir an réigiúin mar atá sainithe i gcomhréir le hAirteagal 20(1).

2. Ríomhfaidh an Coimisiún ar bhonn bliantúil an méid atá le cur leis na méideanna atá socraithe don Chróit in Iarscríbhinn II nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar an Iarscríbhinn sin de bhun Airteagal 6(2), chun an tacaíocht atá le deonú faoi na scéimeanna atá liostaithe in Iarscríbhinn I a mhaoiniú do na limistéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo. Ríomhfar an méid sin ar bhonn na sonraí a dtugann an Chróit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1, agus ar bhonn na meáníocaíochtaí díreacha measta in aghaidh an heicteáir sa Chróit don bhliain lena mbaineann.

EUR 9 600 000 a bheidh san uasmhéid atá le cur leis na méideanna sin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, ar bhonn na limistéar ar fad a dtugann an Chróit fógra ina leith i gcomhréir le mír 1 suas go dtí 2022, agus beidh an méid sin faoi réir an sceidil maidir le tabhairt isteach íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 16a, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn Vb

3. Socróidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an sciar den mhéid atá le cur leis na méideanna sin i gcomhréir le mír 2, a chuirfidh an Chróit san áireamh sa chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun na teidlíochtaí íocaíochtaí a leithdháileadh do na limistéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1. Ríomhfar an sciar sin ar bhonn an chóimheasa idir uasteorainn na híocaíochta bunúsaí agus an méid arna shocrú in Iarscríbhinn II sular cuireadh leis i gcomhréir le mír 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 56(2).

4. I gcás na mblianta 2014 go dtí 2022, bainfidh an Chróit úsáid as an gcúlchiste náisiúnta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún chun teidlíochtaí íocaíochta a leithdháileadh ar fheirmeoirí ar bhonn talún a glanadh de mhianaigh talún arna fógairt ag na feirmeoirí sa bhliain i dtrácht faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an talamh sin incháilithe de réir bhrí Airteagal 25(2),

(b) bhí an talamh i dtrácht in úsáid arís chun críoch talmhaíochta le linn na bliana féilire roimhe sin,

(c) tá fógra faoin talamh curtha chuig an gCoimisiún i gcomhréir le mír 1.

5. Is ionann luach na dteidlíochtaí íocaíochta arna bhunú faoin Airteagal seo agus meánluach náisiúnta nó reigiúnach na dteidlíochtaí íocaíochta i mbliain an leithdháilte laistigh de theorainneacha an mhéid atá ar fáil sa chúlchiste náisiúnta speisialta leis an talamh a ghlanadh de mhianaigh talún.

6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 55 chun na méideanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn Va a choigeartú chun cur i bhfeidhm an Airteagail seo a chur san áireamh."

(16) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoi scéim na híocaíochta bunúsaí, beidh tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí má fhaigheann siad teidlíochtaí íocaíochta faoin Rialachán seo trí leithdháileadh de bhun Airteagal 17b(4), tríd an gcéad leithdháileadh de bhun Airteagal 21, ón gcúlchiste náisiúnta de bhun Airteagal 23, nó trí aistriú de bhun Airteagal 27."

(17) Cuirtear an abairt seo a leanas isteach ag deireadh mhír 3 d'Airteagal 19:

" Ní bheidh feidhm ag an gcéad abairt den mhír seo nuair is é cur i bhfeidhm an dara mír d'Airteagal 17b is cúis leis an modhnú sin

(18) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 21(2):

"Feirmeoirí a ghníomhachtaigh teidlíocht íocaíochta amháin ar a laghad faoin scéim íocaíochta aonair in 2011, nó in 2013 i gcás na Cróite, nó a d'éiligh tacaíocht faoin scéim íocaíochta aonair limistéir i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 73/2009, gheobhaidh siad teidlíochtaí íocaíochta sa chéad bhliain ina gcuirfear scéim na híocaíochta bunúsaí i bhfeidhm ar choinníoll go bhfuil siad i dteideal íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 9."

(19) In Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. De mhaolú ar mhír 2, sa Chróit, sa Chipir agus i Málta féadfar méid na híocaíochta dá dtagraítear i mír 1 a shocrú ag luach atá níos lú ná EUR 500, ach nach lú ná EUR 200."

(20) In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na hiontrála don Fhrainc:

"

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chróit | 111 900 | 130 550 | 149 200 | 186 500 | 223 800 | 261 100* |

* I gcás na Cróite, is é EUR 298 400 míle an uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2020, EUR 335 700 míle don bhliain féilire 2021 agus 373 000 míle don bhliain féilire 2022."

(21) In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na hiontrála don Fhrainc:

"

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chróit* | 111.9. | 130.6 | 149.2 | 186.5 | 223.8 | 261.1* |

* I gcás na Cróite, is é EUR 298.4 milliún an uasteorainn náisiúnta don bhliain féilire 2020, EUR 335.7 milliún don bhliain féilire 2021 agus 373 milliún don bhliain féilire 2022."

(22) In Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na hiontrála don Fhrainc:

"

| | | |
|---|---|---|
| An Chróit | 100 | 1 ha |

"

(23) Cuirtear Iarscríbhinn Va nua isteach:

" **IARSCRÍBHINN Va**

**Forálacha airgeadais a bhfuil feidhm acu maidir leis an gCróit agus dá dtagraítear in Airteagal 10 agus Airteagal 17a**

A. Méideanna atá de throadh ar Airteagal 10 a chur i bhfeidhm:

*(EUR mílte)*

| | |
|---|---|
| An Chróit | 373 000 |

B. Líon iomlán na n-íocaíochtaí díreacha náisiúnta comhlántacha dá dtagraítear in Airteagal 17a(3):

*(EUR mílte)*

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chróit | 261 100 | 242 450 | 223 800 | 186 500 | 149 200 | 111 900 | 74 600 | 37 300 |

"

(24) Cuirtear Iarscríbhinn Vb nua isteach:

" **IARSCRÍBHINN Vb**

**Uasmhéid atá le cur leis na méideanna atá leagtha amach in Iarscríbhinn II i gcomhréir le hAirteagal 17b(2)**

*(EUR mílte)*

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Chróit | 2 880 | 3 360 | 3 840 | 4 800 | 5 760 | 6 720 | 7 680 | 8 640 | 9 600 |

"

(25) Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas isteach tar éis na hiontrála don Fhrainc:

"

| | |
|---|---|
| An Chróit | 5.9 |

"

(26) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar seo a leanas:

(a) Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis an ró a bhaineann le hAirteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009:

"

| | | |
|---|---|---|
| **57A** | **AIRTEAGAL 17B** | **-** |

"

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hAirteagal 121 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009:

"

| | | |
|---|---|---|
| **121** | **AIRTEAGAL 16 AGUS AIRTEAGAL 16A** | **-** |

"

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hAirteagal 132 de Rialachán (CE) Uimh. 73/2009:

"

| | | |
|---|---|---|
| **132** | **AIRTEAGAL 17 AGUS AIRTEAGAL 17A** | **-** |

"

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

- Leasú ar thogra COM(2011) 625 final/3 ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha do scéimeanna íocaíochta dírí d'fheirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta;

- Leasú ar thogra COM(2011) 626 final/3 ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM Aonair);

- Leasú ar thogra COM(2011) 627 final/3 ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

- Leasú ar thogra COM(2011) 628 final/2 ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta;

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[3]

Réimse beartais Theideal 05 de Cheannteideal 2.

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh (Creat reachtach don CBT ó 2013 amach)

x Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[4]**

**x** Baineann an togra/tionscnamh **le síneadh ar bheart atá ann cheana**

**x** Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Chun éifeachtúlacht acmhainní a chur chun cinn d'fhonn fás cliste inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a bhaint amach i gcomhair thalmhaíocht an AE agus forbartha tuaithe i gcomhréir leis an straitéis Eoraip 2020, is iad cuspóirí an CBT:

- Táirgeadh inmharthana bia;

- Bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhaíocht ar son na haeráide;

[3] ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
[4] Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais

- Forbairt chríochach chothromúil.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

**Cuspóirí sonracha do Réimse beartais 05:**

Cuspóir sonrach Uimh. 1:

Earraí poiblí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a sholáthar

Cuspóir sonrach Uimh. 2:

Deacrachtaí táirgthe i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha sonracha iontu a chúiteamh

Cuspóir sonrach Uimh. 3:

Gníomhaíochtaí maidir le maolú ar athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a dhéanamh

Cuspóir sonrach Uimh. 4:

Buiséad an AE (CBT) a bhainistiú i gcomhréir le hardchaighdeáin bainistíochta airgeadais

**Cuspóir sonrach d'ABB 05 02 – Idirghabhálacha i margaí talmhaíochta:**

Cuspóir sonrach Uimh. 5:

Iomaíocht earnáil na talmhaíochta a fheabhsú agus cur lena luach sa slabhra bia

**Cuspóir sonrach d'ABB 05 03 - Cabhair dhíreach:**

Cuspóir sonrach Uimh. 6:

Cuidiú le hioncaim feirme agus le hinathraitheacht ioncam feirme a theorannú

**Cuspóirí sonracha d'ABB 05 04 – Forbairt tuaithe:**

Cuspóir sonrach Uimh. 7:

Fás glas a chothú trí nuálaíocht

Cuspóir sonrach Uimh. 8:

Tacú le forbairt tuaithe agus uige shóisialta limistéar tuaithe a chothabháil

Cuspóir sonrach Uimh. 9:

An geilleagar tuaithe a fheabhsú agus éagsúlú a chur chun cinn

Cuspóir sonrach Uimh. 10:

An deis a thabhairt maidir le héagsúlacht i gcórais feirmeoireachta ó thaobh struchtúir de

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Ní féidir spriocanna cainníochtúla a shocrú le haghaidh táscairí tionchair ag an gcéim seo. Cé gur féidir leis an mbeartas cúrsaí a stiúradh i dtreo áiríthe, sa deireadh thiar thall bheadh na torthaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta ginearálta arna dtomhas leis na táscairí sin ag brath freisin ar thionchar raon fachtóirí seachtracha ar fachtóirí iad, i bhfianaise na taithí is déanaí, atá suntasach agus neamh-intuartha anois. Tá tuilleadh anailíse ar siúl ar bhonn leanúnach, le bheith réidh don tréimhse tar éis 2013.

Maidir leis na híocaíochtaí díreacha, beidh an deis ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, ar bhonn teoranta, maidir le cur chun feidhme ghnéithe áirithe na scéimeanna íocaíochta dírí.

I gcás na forbartha tuaithe, beidh na torthaí agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leo ag brath ar na cláir forbartha tuaithe a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin. Iarrfar ar na Ballstáit spriocanna a shocrú ina gcláir.

*1.4.4. Táscairí lena léirítear toradh agus tionchar*

Déantar foráil sna tograí maidir le comhchreat faireacháin agus meastóireachta a bhunú d'fhonn feidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta a thomhas. Áireofar sa chreat sin na hionstraimí uile a bhaineann le faireachán agus meastóireacht ar bhearta an CBT agus go háirithe ar na híocaíochtaí díreacha, ar na bearta margaidh, ar na bearta forbartha tuaithe agus ar chur i bhfeidhm an tras-chomhlíonta.

Déanfar tionchar na mbeart CBT sin a thomhas i ndáil leis na cuspóirí seo a leanas:

(a) táirgeadh inmharthana bia agus béim ar ioncam talmhaíochta, ar tháirgiúlacht talmhaíochta agus ar chobhsaíocht praghsanna;

(b) acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, gníomhaíocht ar son na haeráide, agus béim a chur ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa, ar an mbithéagsúlacht, ar ithir agus ar uisce;

(c) forbairt chríochach chothromúil, agus béim ar fhostaíocht tuaithe, ar fhás agus ar bhochtaineacht i limistéir tuaithe.

Saineoidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an tacar táscairí a bhaineann go sonrach leis na cuspóirí agus na réimsí sin.

Ina theannta sin, maidir le forbairt tuaithe, moltar comhchóras neartaithe faireacháin agus meastóireachta. Dírítear sa chóras sin ar (a) dul chun cinn agus comhlíonadh beartais forbartha tuaithe a léiriú agus tionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus

ábharthacht idirghabhálacha beartais forbartha tuaithe a mheasúnú, (b) rannchuidiú le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe atá níos spriocdhírithe, agus (c) tacú le próiseas coiteann foghlamtha i ndáil le faireachán agus meastóireacht. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gnímh cur chun feidhme, liosta na dtáscairí coiteanna atá ceangailte leis na tosaíochtaí beartais.

## 1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Chun cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an CBT a bhaint amach, arb ionann iad agus aistriúchán díreach ar straitéis Eoraip 2020 maidir le limistéir thuaithe Eorpacha agus chun ceanglais ábhartha an Chonartha a chomhlíonadh, dírítear sna tograí, arna leasú chun Aontachas na Cróite a chur san áireamh, ar chreat reachtach don Chomhbheartas Talmhaíochta a leagan amach don tréimhse ó 2013 amach.

### *1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Amach anseo ní bheidh an CBT ina bheartas nach bhfreastalaíonn ach ar chuid bheag, bíodh go bhfuil an chuid sin sár-riachtanach, de gheilleagar an AE, ach beartas lena mbaineann tábhacht straitéiseach i gcomhair slándála bia, an chomhshaoil agus cothroime idir críocha a bheidh ann freisin. Ar an gcaoi sin, baineann an CBT, ar comhbheartas i bhfírinne é, an úsáid is éifeachtúla as acmhainní buiséadacha teoranta chun talmhaíocht inbhuanaithe a chothabháil ar fud an AE, ag díriú ar shaincheisteanna tábhachtacha trasteorann amhail athrú aeráide, agus ag neartú na dlúthpháirtíochta i measc na mBallstát.

Mar atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún "Buiséad don Eoraip 2020"[5], is beartas Eorpach i bhfírinne an CBT. Seachas 28 beartas talmhaíochta agus buiséad talmhaíochta ar leith a fheidhmiú, déanann na Ballstáit a n-acmhainní a chomhthiomsú chun beartas Eorpach aonair mar aon le buiséad Eorpach aonair a fheidhmiú. Ciallaíonn sé sin go nádúrtha gurb ionann an CBT agus sciar suntasach de bhuiséad an AE. Mar sin féin, tá an cur chuige seo níos éifeachtúla agus níos eacnamaíche ná cur chuige náisiúnta neamh-chomhordaithe.

### *1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am a chuaigh thart*

Bunaithe ar an meastóireacht ar an gcreat beartais reatha, agus comhairliúchán fairsing leis na geallsealbhóirí chomh maith le hanailís ar dhúshláin agus ar riachtanais amach anseo, cuireadh measúnú cuimsitheach tionchair i gcrích. Tá mionsonraí breise ar fáil sa mheasúnú tionchar agus sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis na tograí dlíthiúla.

### *1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí ábhartha eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Ba cheart féachaint ar na tograí reachtacha a bhaineann leis an ráiteas airgeadais seo i gcomhthéacs níos leithne an togra le haghaidh creat-rialacháin aonair le comhrialacha maidir le cistí an chomhchreata straitéisigh (CETFT, CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI). Cuideoidh an creat-rialachán sin go suntasach leis an ualach riaracháin a laghdú, le cistí an AE a chaitheamh ar bhealach éifeachtach, agus

5 COM(2011)500 final, 29 Meitheamh 2011.

le simpliú a chur i ngníomh. Leis seo daingnítear freisin coincheapa nua an chomhchreata straitéisigh le haghaidh na gcistí sin go léir agus na Conarthaí Comhpháirtíochta atá ag teacht aníos a chumhdóidh na cistí sin freisin.

Sa chomhchreat straitéiseach a bhunófar, déanfar cuspóirí agus tosaíochtaí Straitéis Eoraip 2020 a thiontú ina dtosaíochtaí don CETFT mar aon leis an CFRE, CSE, an Ciste Comhtháite agus CEMI, rud a áiritheoidh úsáid chomhtháite na gcistí chun comhchuspóirí a chur i gcrích.

Sa chomhchreat straitéiseach leagfar amach sásraí comhordúcháin chomh maith le beartais agus ionstraimí ábhartha eile an Aontais.

Ina theannta sin, maidir leis an CBT, gheofar sineirgíochtaí agus éifeachtaí simpliúcháin suntasacha trí na rialacha maidir le bainistíocht agus rialú don chéad cholún (CERT) agus don dara colún (CETFT) den CBT a chomhchuibhiú agus a ailíniú. Ba cheart an nasc láidir atá idir an CERT agus an CETFT a chothabháil agus na struchtúir atá curtha ar bun cheana sna Ballstáit a choinneáil.

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

x Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse teoranta (i gcás na ndréacht-rialachán maidir le scéimeanna íocaíochta dírí, forbairt tuaithe agus rialacháin idirthréimhseacha)**

- x Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón 1.1.2014 go dtí an 31.12.2020
- x Tionchar airgeadais do thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile. I gcás forbartha tuaithe, tionchar ar íocaíochtaí go 2023.

x Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta (i gcás an dréacht-rialacháin maidir leis an CEM aonair agus an rialacháin chothrománaigh)**

– Cur chun feidhme ó 2014 amach

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[6]

**x Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☐ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

- ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- ☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[7]
- ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

6 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

7 Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais

- ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

x **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta (tabhair sonraí)

Nótaí

Gan athrú substainteach ar bith i gcomparáid leis an staid reatha, i.e. déanfar formhór an chaiteachais a bhaineann leis na tograí reachtacha le haghaidh athchóiriú an CBT a bhainistiú trí bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit. Mar sin féin, leanfar de chuid an-bheag a bheith faoi bhainistíocht dhíreach láraithe ag an gCoimisiún.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

I dtéarmaí faireacháin agus meastóireachta ar an CBT, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gach 4 bliana, agus tá an chéad tuarascáil le tíolacadh tráth nach déanaí ná deireadh 2017.

Comhlántar an méid sin le forálacha sonracha i réimsí uile an CBT, mar aon le ceanglais chuimsitheacha éagsúla maidir le tuairisciú agus fógra a thabhairt atá le sonrú sna rialacha cur chun feidhme.

Maidir le forbairt tuaithe, déantar foráil maidir le rialacha chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal na gclár, a dhéanfar a ailíniú leis na cistí eile, agus a dhéanfar a chúpláil le meastóireachtaí *ex ante*, meastóireachtaí leanúnacha agus meastóireachtaí *ex post*.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá níos mó ná seacht milliún tairbhí den CBT, a fhaigheann tacaíocht faoi a lán cineálacha éagsúla scéimeanna cabhrach, a bhfuil critéir incháilitheachta mhionsonraithe agus chasta ar uairibh ag gach ceann acu.

Is féidir an laghdú ar an ráta earráide i réimse an chomhbheartais talmhaíochta a mheas mar threocht cheana. Ar an gcaoi sin, deimhníonn an ráta earráide is déanaí atá gar do 2 % measúnú do na blianta roimhe seo atá dearfach tríd is tríd. Beartaítear leanúint de na hiarrachtaí chun ráta earráide faoi bhun 2 % a bhaint amach.

*2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

Sa phacáiste reachtach, go háirithe sa togra le haghaidh rialacháin maidir le maoiniú, bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhbheartas talmhaíochta, beartaítear an córas reatha arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 a chothabháil agus a neartú. Déantar foráil ann do struchtúr éigeantach riaracháin ar leibhéal na mBallstát, láraithe ar ghníomhaireachtaí íocaíochtaí creidiúnaithe, atá freagrach as rialuithe a dhéanamh ar leibhéal na dtairbhithe deiridh i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach faoi phointe 2.3. Gach bliain, ceanglaítear ar cheann gach gníomhaireachta íocaíochta ráiteas ráthaíochta a sholáthar a chumhdaíonn sláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas, dea-fheidhmiú na gcóras rialaithe inmheánach agus dlíthiúlacht agus rialtacht na mbun-idirbheart. Tá comhlacht iniúchta neamhspleách ag teastáil chun tuairim a thabhairt ar gach ceann de na trí heilimintí sin.

Leanfaidh an Coimisiún de chaiteachas talmhaíochta a iniúchadh, ag úsáid cur chuige rioscabhunaithe chun a áirithiú go mbeidh a iniúchtaí spriocdhírithe ar na réimsí is mó riosca. I

gcás ina léiríonn na hiniúchtaí sin gur tabhaíodh caiteachas a sháraíonn rialacha an Aontais, eisiafaidh sé na méideanna lena mbaineann ó mhaoiniú an Aontais faoin gcóras imréitigh comhréireachta.

Maidir le costas na rialuithe, soláthraítear anailís mhionsonraithe in Iarscríbhinn 8 den mheasúnú tionchair a ghabhann leis na tograí reachtacha.

Ina theannta sin, neartófar an rialú poiblí ar úsáid an airgid ach faisnéis faoi thairbhithe den CERT agus den CETFT a fhoilsiú agus cuideoidh sé chun infheictheacht agus tuiscint ar an CBT a chur chun cinn.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sa phacáiste reachtach, go háirithe an togra le haghaidh rialacháin maidir leis an gcomhbheartas a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, beartaítear na córais mhionsonraithe reatha do rialuithe agus do phionóis atá le cur i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí íocaíochtaí a chothabháil agus a neartú, le bunghnéithe coiteanna agus rialacha speisialta arna n-oiriúnú do shainiúlachtaí gach córais chabhrach. Déantar foráil sna córais de ghnáth maidir le rialuithe uileghabhálacha riaracháin ar 100 % de na hiarratais ar chabhair, cros-seiceálacha le bunachair shonraí eile i gcás ina meastar gur iomchuí sin, chomh maith le seiceálacha ar an láthair ar réamhíocaíocht i ndáil le híosmhéid idirbheart, ag brath ar an riosca a bhaineann leis an gcóras atá i gceist. Má léirítear sna seiceálacha ar an láthair sin líon mór neamhrialtachtaí, ní foláir tuilleadh seiceálacha a dhéanamh. Sa chomhthéacs seo, is é an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (IACS) an córas is mó tábhacht, córas a chumhdaigh tuairim is 80 % den chaiteachas iomlán faoin CERT agus faoin CETFT sa bhliain airgeadais 2010. I gcás Ballstát ina bhfuil córais rialaithe dea-fheidhmiúla agus rátaí ísle earráide, tabharfar de chumhacht don Choimisiún laghdú ar líon na seiceálacha ar an láthair a cheadú.

Beartaítear sa phacáiste freisin go ndéanfaidh na Ballstáit neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, pionóis atá éifeachtach athchomhairleach agus comhréireach mar atá leagtha síos i reachtaíocht an Aontais nó sa dlí náisiúnta a fhorchur, agus aon íocaíochtaí neamhrialta móide úis a aisghabháil. Áirítear ann sásra imréitigh uathoibríoch do chásanna neamhrialtachtaí, ina bhforáiltear, más rud é nach dtarlaíonn an aisghabháil laistigh de cheithre bliana ó dháta an iarratais ar aisghabháil, nó laistigh d'ocht mbliana i gcás imeachtaí dlíthiúla, go n-íocfaidh an Ballstát lena mbaineann na méideanna nach n-aisghabháiltear. Dreasacht láidir do na Ballstáit a bheidh sa sásra sin chun íocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil chomh tapa agus is féidir.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

Sloinntear na méideanna a luaitear sa ráiteas airgeadais seo i bpraghsanna reatha agus i ngealltanais.

I dteannta na n-athruithe a thig as na tograí reachtacha mar atá liostaithe sna táblaí tionlacain thíos, tugann na tograí reachtacha le tuiscint go mbeidh tuilleadh athruithe ann nach mbeidh aon tionchar airgeadais acu.

I gcás aon cheann de na blianta sa tréimhse 2014-2020, ní féidir cur i bhfeidhm smachta airgeadais a eisiamh ag an gcéim seo. Mar sin féin, ní bheidh sé sin ag brath ar na tograí le haghaidh athchóiriú mar atá, ach ar fhachtóirí eile, amhail cur i gcrích cabhrach dírí nó forbairtí sna margaí talmhaíochta amach anseo.

Maidir le cabhair dhíreach, tá na glan-uasteorainneacha méadaithe do 2014 (bliain féilire 2013) atá san áireamh sa togra ón gCoimisiún maidir le híocaíochtaí díreacha a chur i bhfeidhm sa bhliain idirthréimhseach 2013 (COM(2011)630)[8] níos airde ná na méideanna a leithdháiltear ar chabhair dhíreach a léirítear sna táblaí tionlacain. Is é is aidhm leis an méadú sin a áirithiú go leanfar den reachtaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfanfadh na heilimintí eile go léir gan athrú, gan dochar don riachtanas féideartha an sásra smachta airgeadais a chur i bhfeidhm.

Sna tograí le haghaidh athchóiriú tá forálacha a thugann leibhéal socraithe solúbthachta do na Ballstáit i ndáil leis an gcabhair dhíreach a leithdháiltear orthu i ndáil le forbairt tuaithe. I gcás ina gcinneann na Ballstáit an tsolúbthacht sin a úsáid, beidh iarmhairtí airgeadais laistigh de na méideanna airgeadais áirithe sin, nach féidir a chainníochtú ag an gcéim seo.

